



## ÁRAS STAIR NA HEORPA - FÍRICÍ AGUS FIGIÚIRÍ



**Inneachar:** Stair na hEorpa, sa 19ú agus 20ú haois go háirithe, le béim ar leith ar lánpháirtiú na hEorpa agus le léargais iardhearcacha agus gar-amhairc théamacha ar phróisis agus ar imeachtaí ó na céadta a chuaigh thart.

**Oscailt phoiblí:** 6 Bealtaine 2017

**Cur chuige stairiúil:** Tá sé mar aidhm ag Áras Stair na hEorpa forbheathnú trasnáisiúnta a thabhairt ar stair na hEorpa, agus aird á tabhairt san fhorbhreathnú sin ar éagsúlacht agus ar iliomad léirmhínte agus tuiscintí na staire sin. Tá sé mar chuspóir ag an Áras cur leis an tuiscint ar stair na hEorpa, an comhthéacs leathan domhanda san áireamh, agus díospóireacht ar an Eoraip agus ar phróiseas lánpháirtiú na hEorpa a spreagadh. Is ar stair na hEorpa sa 19ú agus 20ú haois agus stair lánpháirtiú na hEorpa atá príomhbhéim an bhuntaispeántais. Is ó dhearcadh leathan stairiúil a scrúdaítear an méid sin, agus tugtar le chéile ann idir thaithí chodarsnach agus taithí chomhroinnte mhuintir na hEorpa sa stair.

**Cuspóirí:** Tá sé d'aidhm ag Áras Stair na hEorpa a bheith ina phríomh-mhúsaem ar na feiniméin thrasnáisiúnta lenar múnlaíodh ár mór-roinn. Trí chiall a bhaint as an stair ó dhearcadh Eorpach, déanann sé ceangal idir ár stair choiteann agus na léamha éagsúla uirthi agus cuireann sé i gcomparáid le chéile iad. Tá sé d'aidhm aige tús a chur leis an bhfoghlaím faoi dhearcthaí trasnáisiúnta ar fud na hEorpa.

**Láthair:** Foirgneamh Eastman in *Parc Léopold*, i gcroílár 'an cheantair Eorpaigh' sa Bhruiséil. Rinne an cuibhreannas idirnáisiúnta *Atelier d'architecture Chaix & Morel & associés* (FR), *JSWD Architekten* (DE), agus *TPF* (BE) an foirgneamh a athchóiriú agus a mhéadú. Is é *Acciona Producciones y Diseño* (ES) an chuideachta dearaidh don bhuntaispeántas agus is é *Meyvaert Glass Engineering* (BE) an chuideachta táirgthe.

**Teangacha:** Tá an buntaispeántas ar fáil i 24 theanga agus tá an chuid eile den chuairt ar fáil i gceithre theanga ar a laghad.

**Uaireanta oscailte agus coinníollacha:** Ar oscailt seacht lá in aghaidh na seachtaine, 10:00-18:00 ach amháin don Luan, 13:00-18:00. Saorhead isteach. Dúnta na dátaí seo a leanas: 1 Eanáir, 1 Bealtaine, 1 Samhain, 24, 25, 31 Nollaig

**Áiseanna do chuariteoirí:** Bialann, siopa, halla éisteachta, seomraí foghlama.

**Cad atá ann don chuariteoir:** Buntaispeántas ag a bhfuil cur i láthair taispeántán a tugadh le chéile ó bhreis agus 200 músaem agus bailiúcháin a tiomsaíodh ón Eoraip agus níos faide anonn; taispeántais shealadacha; cláir oideachais; imeachtaí do phobail áitiúla agus do phobail ar cuairt; foilseacháin agus raon d'fhaisnéis ar líne.

**Spríocghrúpaí:** Aon duine a bhfuil spéis aige san Eoraip agus i stair na hEorpa; ní gá aon eolas speisialta a bheith ag an duine. Forbraíodh táirgí speisialta faisnéise le haghaidh spríocghrúpaí ar leith, amhail daoine óga, teaghlaigh, agus scoileanna.

**Limistéar an taispeántais:** 4000 m<sup>2</sup> don bhuntaispeántas, 500 m<sup>2</sup> do na taispeántais shealadacha.

**Buntaispeántas:** léiríonn an buntaispeántas stair pholaitiúil, eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na hEorpa i leagan amach atá cróineolaíoch, ach a bhfuil cur chuige téamach laistigh den struchtúr sin. Is ar stair na hEorpa sa 19ú agus 20ú haois atá príomhbhéim an bhuntaispeántais, agus tugtar léargais iardhearcacha ann ar phróisis agus ar imeachtaí ó na céadta roimhe sin a bhí tábhachtach ó thaobh an fhorbairt a tháinig ar an ilchríoch. Tá béim ar leith ann ar stair lánpháirtiú na hEorpa.

**Taispeántas sealadach:** Tá taispeántas sealadach bliantúil mar chuid de chlár Áras Stair na hEorpa chomh maith, lena dtugtar deis ar fáil cur leis na téamaí agus na tréimhsí ón mbuntaispeántas mar chuid de chlár Áras Stair na hEorpa. Leis sin, cuirtear ar fáil taispeántais dhifriúla agus nuálacha le hábhair éagsúla, i mbealaí atá tarraingteach do shainghrúpaí difriúla. Cosúil leis an mbuntaispeántas, tógann na taispeántais shealadacha sin cur chuige trasnáisiúnta agus ildisciplíneach.

**Taithí an chuariteora:** is féidir le cuairteoirí foghlaim faoi stair na hEorpa ag a luas agus ar a leibhéal féin agus treo eile a ghlacadh chucu féin chun scagadh níos doimhne a dhéanamh ar théama a bhfuil spéis ar leith acu ann. Glacadh an raon ba leithne agus ab fhéidir d'uirlisí agus de mhodhanna músaemeolaíochta nua-aimseartha, mar shampla, déantar an t-inneachar a léiriú ar bhealach srathach, rud a fhágann gur féidir cuairteanna ar leibhéal agus ar rithimí éagsúla a bheith ann. Tá éagsúlacht ann don chuariteoir mar gheall ar atmaisféir agus tíopeolaíochtaí spásúla athraitheacha agus dlúsanna éagsúla réad agus gnéithe idirghníomhacha. Tá gnéithe a fheictear arís agus arís eile, amhail sainchomharthaí, ina nasc idir ábhair an taispeántais.

**Costais:** Ba thuairim is €55.4 milliún costais forbartha an tionscadail. Cumhdaítear leis sin an foirgneamh a athchóiriú, a mhéadú, agus a athnuachan, mar aon leis an mbuantaispeántas agus an chéad taispeántas sealadach a fhorbairt agus a shuiteáil, lena n-áirítear tús a chur le bailiúchán an mhúsaeim a chur i dtoll a chéile beagán ar bheagán.

**Foireann:** Is Foireann Tionscadail Acadúil idirdhisciplíneach (comhdhéanta de staraithe, músaemeolaithe, speisialtóirí foghlama agus riarthóirí ó 18 mBallstát éagsúla) a d'fhorbair an t-inneachar don taispeántas. A mhéid a bhaineann leis an bhforbairt ailtireachta agus bonneagair, is foireann idirdhisciplíneach a rinne maoirsiú ar an obair thógála agus an obair forbartha go léir.

**Cistiú:** Is í Parlaimint na hEorpa a sheas na costais forbartha.

**Comhlachtaí rialaithe:** Déanann Bord Iontaobhaithe agus Coiste Acadúil faoi seach maoirsiú ar an tionscadal agus tugann siad comhairle ina thaobh.

**An Bord Iontaobhaithe:** Déanann an Bord maoirsiú ar cheisteanna bunúsacha a bhaineann leis an tionscadal agus déanann sé cinntí ina leith. Tá sé faoi chathaoirleacht an Dr. Hans-Gert Pöttering, Iar-Uachtarán de chuid Pharlaimint na hEorpa.

**An Coiste Acadúil:** Tá an staraí, an tOllamh Dr. Oliver Rathkol, ina chathaoirleach air agus ar an gCoiste tá ollúna ollscoile agus saineolaithe ó mhúsaeim a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu. Tugann an coiste comhairle d'Foireann Tionscadail Acadúil Áras Stair na hEorpa (HEH) maidir leis na saincheisteanna uile a bhaineann leis an stair agus leis an músaemeolaíocht.

## Ceisteanna agus freagraí faoin tionscadal

### Cén fáth ar cuireadh Áras Stair na hEorpa ar bun?

An próiseas as ar eascair an tAontas Eorpach, agus atá na deicéanna de bhlianta ar bun, tá lorg nach beag fágtha aige ar an gcaoi a ndéanann tíortha san Eoraip iad féin a eagrú agus a rialú. Go dtí seo, áfach, ní raibh músaem ann ina bhféadfaí an próiseas seo a thuiscint laistigh de chomhthéacs stairiúil níos leithne, rud a dhéanfadh an taithí chodarsnach a bhí ag pobail agus ag tíortha éagsúla san Eoraip a thabhairt le chéile agus a chur le hais a chéile.

Tá an t-imleá ag teacht ar an nglúin daoine a ghabh trí thubaistí an 20ú haois agus a thóg dá éis sin na Comhphobail Eorpacha. Tá sé in am anois, mar sin, an fhorbairt a tháinig ar lánpháirtiú na hEorpa a léiriú ar bhealach a bheadh sothuigte ag pobal níos leithne. Tá sé in am freisin príomhfhorbairtí stairiúla, fórsaí inspreagthacha agus aidhmeanna an lánpháirtithe a mhíniú, chun a chur ar chumas na nglúnta atá le teacht a thuiscint conas a d'fhorbair Aontas an lae inniu agus cén fáth ar fhorbair sé sa dóigh inar fhorbair sé agus sa tréimhse inar fhorbair sé. Tráth géarchéime, áfach, tá sé thar a bheith tábhachtach eolas ar an oidhreacht chultúrtha a fhorbairt agus a fhaobhrú agus chuimhneamh nach féidir talamh slán a dhéanamh den chomhar síochánta.

Dá bhrí sin, is amhlaidh a chuir Parlaimint na hEorpa Áras Stair na hEorpa ar bun, rud a thabharfaidh deis do shaoránaigh machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas stairiúil sin agus ar bhrí an phróisis don am i láthair. Creideann an Pharlaimint go bhféadfadh an músaem a bheith ina ionad ina bhféadfaí díospóireacht a dhéanamh ar staidéanna comhaimseartha, mar aon le tuiscint a fháil orthu, agus sin á dhéanamh ó thaobh a gcuid fréamhacha stairiúla agus i bhfianaise taithí stairiúil.

### Cad é ráiteas misin Áras Stair na hEorpa?

Is fóram é Áras Stair na hEorpa le haghaidh foghlama, machnaimh agus díospóireachta, atá ar oscailt do dhaoine ó gach glúin agus cúlra. Is é an príomh-mhisean atá againn ná feabhas a chur ar ár dtuiscint ar stair na hEorpa, in ainneoin a castachta, d'fhonn malartú smaointe a spreagadh agus tuairimí a cheistiú.

Cuireann an tÁras stair na hEorpa i láthair ar bhealach a ardaíonn feasacht ar éagsúlacht na ndearcthaí agus na léamha uirthi. Caomhnaíonn sé ár gcuimhní coiteanna agus na cuimhní a bhí ina gcúis deighilte eadrainn. Bailíonn sé agus cuireann sé ar taispeáint an stair a bhaineann le bunú agus lánpháirtiú na hEorpa. Is tionscadal de chuid Parlaimint na hEorpa é Áras Stair na hEorpa agus is cuid dá soláthar do chuirteoirí é. Tá an tÁras neamhspleách ó thaobh na hacadúlachta de.

Cuireann ár mbailiúchán trasnáisiúnta, ár dtaispeántais agus ár gcláir cuairt iontach nach mbeifí ag súil léi ar fáil. Tá sé mar aidhm againn, trí chláir for-rochtana agus trí chompháirtíochtaí, an ghné Eorpach den díospóireacht agus den fhoghlaím faoi stair na hEorpa agus den chaoi a chuirtear ar taispeántais í a neartú. Is áit é an tÁras chun bualadh le daoine agus tuairimí a mhalartú agus cruthaíonn léamh ilghnéitheach an Árais ar an stair nasc idir an t-am atá caite agus na ceisteanna atá ábhartha don Eoraip sa lá atá inniu ann.

### **Céard iad na prionsabail a rialaíonn an tionscadal?**

Ón tús, is é an dúil eolas ar stair na hEorpa a chur chun cinn agus feasacht a mhúscailt i ndáil le héagsúlacht na gcuimhní laistigh den Eoraip ar shlí oscailte agus inspioráideach a spreag an tionscadal. Ba réamhchoinníollacha iad neamhspleáchas acadúil agus comhdhéanamh idirnáisiúnta fhoireann an tionscadail agus earcaíodh foireann staraithe agus gairmithe músaem ó gach cearn den Eoraip go sonrach don tionscadal. Tá obair déanta acu chun na taispeántais a fhorbairt, á áirithiú go dtugtar cothrom na Féinne d'éagsúlacht stair na hEorpa agus dá cuid léirmhínte.

Déanann bord comhairleach ardleibhéil (an Coiste Acadúil), ar a bhfuil staraithe agus músaemeolaithe a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu, cruinneas acadúil agus ábharthacht inneachar na dtaispeántais a áirithiú.

### **Cá bhfuil sé?**

Tá Áras Stair na hEorpa i bhfoirgneamh *Eastman*, in *Parc Léopold*, atá gar do na hinstiúidí Eorpacha. Tógadh foirgneamh *Eastman* i 1935 mar fhoirgneamh ina mbeadh clinic fiaclóireachta do leanaí faoi mhíbhuntáiste, agus is le deonachán ó George Eastman, fear gnó as na Stáit Aontaithe agus aireagóir ghrianghrafadán *Kodak*, a rinneadh é a mhaoiniú. D'fhonn an foirgneamh sin a thiontú ina fhoirgneamh chun críocha taispeántais, reáchtáladh comórtas ailtireachta, a bhuaigh grúpa a bhí comhdhéanta de na hailtirí *Chaix & Morel* ón bhFrainc, *JSWD* ón nGearmáin, agus *TPF* ón mBeilg. Áiríodh ina gcuid pleananna athchóiriú a dhéanamh ar aghaidheanna an fhoirgnimh - an ghné aeistéitiúil stairiúil den fhoirgneamh á coimeád - mar aon le síneadh nua-aimseartha a chur le clós an fhoirgnimh bunaidh agus ar dhíon an fhoirgnimh sin.

### **Conas a d'fhorbair an tionscadal?**

Ina óráid tionscnaimh in 2007, chuir an Dr. Hans-Gert Pöttering, a bhí ina Uachtarán ar Pharlaimint na hEorpa an tráth sin, tús leis an tionscadal chun Áras Stair na hEorpa a bhunú. An bhliain dár gcionn, dhréachtaigh coiste staraithe agus saineolaithe músaem mór le rá ó thíortha éagsúla san Eoraip coincheap tosaigh don tionscadal, dar teideal an 'Bunús Coincheapúil le haghaidh Áras Stair na hEorpa', coincheap a shamhlaigh Áras Stair na hEorpa mar ionad nua-aimseartha taispeántais, doiciméadúcháin agus faisnéise a bheadh ina léiriú ar an gcor is déanaí sa smaointeoireacht mhúsaemeolaíoch.

Ó Eanáir 2011 i leith, earcaíodh Foireann Tionscadail Acadúil. De réir a chéile, rinne an fhoireann sin, a tugadh le chéile as gach cearn den Eoraip, fíis agus misean an mhúsaem nua a shainmhíniú, mar aon leis an scéal don bhuntaispeántas a fhorbairt. D'oibrigh siad ar réimsí éagsúla amhail beartas na gcuairteoirí, an taispeántas sealadach, agus beartais bailiúcháin. Thug an Coiste Acadúil comhairle don fhoireann agus an obair sin ar siúl acu agus chomhaontaigh siad toradh na hoibre leo. D'fhormheas Biúró na Parlaiminte (an tUachtarán agus 14 Leas-Uachtarán) na cinntí móra uile.

### **Cén scéal a insítear sa mhúsaem?**

Díríonn an buntaispeántas ar na príomhfheiniméin agus ar na príomhphróisis a mhúnlaigh an Eoraip i rith na staire, agus leagtar béim ann ar an éagsúlacht taithí, feasachta agus léirmhínte a bhaineann leis na forbairtí sin.

Níl léiriú ann ar stair aonair stáit agus réigiúin na hEorpa. Ina áit sin, díríonn sé ar fheiniméin Eorpacha. Roghnaigh an Fhoireann Tionscadail Acadúil trí chritéar: is san Eoraip a thionscain an eachtra nó an smaoineamh, leathnaigh sé ar fud na hEorpa, agus tá sé fós ábhartha sa lá atá inniu ann. Bunaithe ar na critéir sin, bhain foireann an tionscadail an bhunchiall as sé théama a raibh scata mór ábhar agus fo-ábhar ag roinnt leo. Thall is abhus, téitear thar theorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh sa bhuntaispeántas.

B'fhéidir gur stair chasta, éagsúil agus spruánach atá i stair na hEorpa, ach tá mórchuid cosúlachtaí fairsinge ann mar aon le taithí a bhí forleathan i measc mhuintir na hEorpa; is é is cuspóir don bhuntaispeántas ná roinnt acu sin a thaispeáint. Ag tosú leis an seanmhiotas 'Europa agus an Tarbh' agus a chuid léirmhínte iomlaoideacha, leagtar béim sa bhuntaispeántas ar phríomhghnéithe de chuid oidhreacht na hEorpa, ar gnéithe iad a mhúnlaigh an Eoraip go domhain agus a bhfuil a lorg fós le tabhairt faoi deara sa lá atá inniu ann.

### **An é cuspóir Áras Stair na hEorpa céannacht Eorpach a chruthú?**

Tá ceist na céannachta ar cheann de na ceisteanna is mó a bhfuil díospóireacht ina taobh i léann an chultúir. I gcomhar le gníomhaíochtaí an mhúsaem, bhí ceist na céannachta ina cúis le hollchnuasach litríochta agus machnaimh. Níl sainmhíniú ann a bhfuil comhaontacht ina thaobh maidir le cad a d'fhéadfadh a bheith i gceist le céannacht Eorpach. Tá an téarma rólaghdaitheach agus róstatlach le bheith ina bhonn d'Áras Stair na hEorpa. Dá molfadh an tÁras coincheap réamhshainithe de chéannacht Eorpach, ní dhéanadh sé sin ach díobháil don díospóireacht, seachas díospóireacht ilghuthach a chruthú faoin gceist fhíorshuimiúil thráthúil sin. In áit freagraí socraithe a thabhairt, is mian le hÁras Stair na hEorpa plé poiblí ar an gcuimhne agus ar an gcomhfhios Eorpach a spreagadh.

## **An dtiocfaidh Áras Stair na hEorpa in ionad stair na náisiún?**

Ní bailiúchán simplí stair na náisiún atá in Áras Stair na hEorpa, ná níltear ag iarraidh Áras Stair na hEorpa a chur in ionad na staire sin. Taisce de chuimhní na hEorpa atá in Áras Stair na hEorpa, ina bhfuil taithí agus léirmhínte i mbarr a n-éagsúlachta, a gcontrárthachtaí agus a mbréagnuithe. Is casta seachas aonfhoirmeach an léiriú ar an stair in Áras Stair na hEorpa, níos idirdhealaithe ná aonchineálach, criticiúil seachas deimhnitheach.

## **Cathain a thosaíonn an scéal?**

Díríonn an buantaispeántas in Áras Stair na hEorpa, ar craobh aonaigh an mhúsaem nua é, ar stair na hEorpa ón 19ú haois anuas go dtí an lá atá inniu ann. I gcodanna áirithe den taispeántas, téann an léiriú níos faide siar sa stair, go dtí an chianaois agus go dtí an Mheánaois, chun buntréithe de chultúr agus de shibhialtacht na hEorpa a mhíniú, rud a chuireann ar chumas cuairteoirí tuiscint níos fearr a bheith acu ar an am i láthair.

Sa chéad chuid den buantaispeántas tá léiriú ar mhiotas Europa, ar an athrú a tháinig ar choincheapa tíreolaíochta i rith na staire, mar aon le machnamh ar cad a d'fhéadfadh a bheith i gceist le hoidhreacht na hEorpa. Díríonn an buantaispeántas ar stair na hEorpa sa 19ú haois agus sa 20ú haois, agus tá béim ar leith ann ar stair lánpháirtiú na hEorpa.